CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2326 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Samhain 2022

gan eipsealón-meatafluitrin a fhormheas mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 19 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid [1], agus go háirithe Airteagal 9(1), pointe (b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 11(1) de Threoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [2], eipsealón-meatafluitrin a fhormheas le haghaidh a húsáide i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 19, éarthaigh agus mealltóirí, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir sin, rud a chomhfhreagraíonn do chineál táirge 19, éarthaigh agus mealltóirí, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, cuireadh iarratas ar an méid sin faoi bhráid údarás inniúil na Ríochta Aontaithe in Eanáir 2011, údarás a bhfuil údarás inniúil na Spáinne tagtha ina áit ó bhí an 1 Feabhra 2020 ann.

(2) De bhun Airteagal 90(2), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, iarratais a chuirtear isteach chun críocha Threoir 98/8/CE, iarratais nach ndearnadh meastóireacht na mBallstát orthu, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Threoir 98/8/CE, a chur i gcrích faoin 1 Meán Fómhair 2013, déanfaidh na húdaráis inniúla meastóireacht orthu i gcomhréir le forálacha an Rialacháin sin.

(3) An 24 Deireadh Fómhair 2019, le linn don Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán a bheith ag ullmhú na tuairime maidir leis an bhformheas, tharraing an t-iarratasóir siar a iarratas agus níl sé ag iarraidh a thuilleadh go ndéanfaí eipsealón-meatafluitrin a fhormheas mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 19.

(4) Ní áirítear eipsealón-meatafluitrin i dtaca le cineál táirge 19 in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014 ón gCoimisiún [3], áit a liostaítear na teaglamaí substainte gníomhaí/cineáil táirge a áirítear sa chlár oibre chun scrúdú a dhéanamh ar shubstaintí gníomhacha bithicídeacha atá ann cheana i dtáirgí bithicídeacha. Dá bhrí sin, táirgí bithicídeacha de chineál táirge 19 a bhfuil eipsealón-meatafluitrin iontu, ní chumhdaítear iad leis na forálacha idirthréimhseacha a leagtar síos in Airteagal 89(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, agus dá bhrí sin ní fhéadfar iad a chur ar fáil ná a úsáid ar mhargadh an Aontais.

(5) Mar sin féin, i gcomhréir leis an bhforáil idirthréimhseach a leagtar amach in Airteagal 94(1), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, earra cóireáilte a cóireáladh le táirge bithicídeach amháin nó níos mó, nó ina gcuimsítear táirge bithicídeach amháin nó níos mó d'aon ghnó, táirgí nach bhfuil de shubstaintí gníomhacha iontu ach substaintí a bhí faoi scrúdú an 1 Meán Fómhair 2016 maidir leis an gcineál táirge ábhartha sa chlár oibre dá dtagraítear in Airteagal 89(1) den Rialachán sin, nó ar cuireadh isteach iarratas ar a bhformheas maidir leis an gcineál táirge ábhartha faoin dáta sin, nó táirgí nach bhfuil de shubstaintí gníomhacha iontu ach teaglaim de shubstaintí den chineál sin agus substaintí gníomhacha a áirítear sa liosta arna tharraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 9(2) den Rialachán sin maidir leis an gcineál táirge ábhartha agus an úsáid ábhartha nó a áirítear in Iarscríbhinn I, féadfar é a chur ar an margadh go dtí an dáta a bheidh ann 180 lá tar éis cinnidh gan ceann de na substaintí gníomhacha a fhormheas le haghaidh na húsáide ábhartha, i gcás ina nglacfar cinneadh den sórt sin tar éis an 1 Meán Fómhair 2016.

---

[1] IO L 167, 27.6.2012, lch. 1.

[2] Treoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 1998 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar an margadh (IO L 123, 24.4.1998, lch. 1).

[3] Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014 ón gCoimisiún an 4 Lúnasa 2014 maidir leis an gclár oibre chun scrúdú córasach a dhéanamh ar gach substaint ghníomhach atá ann cheana i dtáirgí bithicídeacha, clár oibre dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 294, 10.10.2014, lch. 1).

(6) Ós rud é gur tharraing an t-iarratasóir siar an t-iarratas ar fhormheas eipsealón-meatafluitrine le haghaidh a húsáide i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 19, níl meastóireacht le déanamh ar aon táirge bithicídeach. Dá bhrí sin, níor ullmhaigh an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán tuairim. Ar deireadh, táirge bithicídeach de chineál táirge 19 a bhfuil eipsealón-meatafluitrin ann, ós rud é nach ann do tháirge den chineál sin a bhféadfadh coinne a bheith leis go gcomhlíonfadh sé na critéir a leagtar síos in Airteagal 19(1), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, tá na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 4(1) den Rialachán sin gan comhlíonadh. Ina theannta sin, i bhfianaise an ghá atá ann lena áirithiú nach gcuirfear ar mhargadh an Aontais a thuilleadh, i dtaca le cineál táirge 19, earraí cóireáilte a cóireáladh le heipsealón-meatafluitrin nó ina gcuimsítear eipsealón-meatafluitrin d'aon ghnó, is iomchuí gan eipsealón-meatafluitrin a fhormheas le haghaidh a húsáide i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 19.

(7) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, is bearta iad atá i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Eipsealón-meatafluitrin (Uimh. CAS: 240494-71-7), ní fhormheastar í mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 19.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Samhain 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN